

## Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

**Nollaig 2015**

### **Cúlra:**

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann.

Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag [www.cnag.ie](http://www.cnag.ie).

## Intreoir

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach ar an chomhairliúchán seo ar an Straitéis Scileanna Náisiúnta. Aithnítear an tábhacht a bhaineann leis na scileanna cuí a bheith ag fórsa oibre leis na riachtanais atá sa gheilleagar a chomhlíonadh amach anseo. Is é ceann de na rudaí is fearr agus is éifeachtaí gur féidir leis an Straitéis seo a dhéanamh ná úsáid ceart a bhaint as na scileanna atá ag an phobal cheánna féin. Tá sé fíor-tábhachtach go bhfuil na scileanna atá ag pobal na Gaeilge agus na féidearthachtaí a bhaineann leis na scileanna seo curtha san áireamh sa Straitéis seo, mar gheall gurb é seo an bealach is éifeachtaí le tuilleadh scileanna, féin-mhuinín agus deiseanna fostaíochta breise a thabhairt do dhaoine.

Seo thíos roinnt moltaí maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise seo:

### An Tábhacht a bhaineann le Luath-thumoideachas:

Ar leathanach 27 den Straitéis, faoi 'Chúram agus Oideachas na Luath-óige,' déantar tagairt don tionscadal 'Better Start' agus an comhoibriú atá á dhéanamh idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Aontaíonn Conradh na Gaeilge go bhfuil sé iontach tábhachtach go mbeadh a leithid den obair seo ag croílár na Straitéise mar gheall ar an difear a dhéanann na luathbhlianta do pháistí níos moille ina saol. Chuige sin, ba chóir go mbeadh an Ghaeilge ina cuid lárnach den tionscadal seo mar gheall na buntáistí atá bainte leis an luath-thumoideachas agus an luach breise a chuirfeadh sé seo le forbairt na bpáistí ó thaobh teanga, forbairt sóisialta agus forbairt cognaíocha de. Léiríonn taighde go bhfuil na buntáistí a bhaineann le tumadh sa dara teanga i bhforbairt an pháiste.<sup>1</sup> Ba chóir go mbeadh béim ar leith ar an Ghaeilge agus ar na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas sna luathbhlianta mar chuid den chlár oideachais agus oiliúna a thugann cáilíochtaí i gcúram agus oideachas na luath-óige.

### Scéim Páirt-tumoideachas:

Leis na scileanna Gaeilge atá ag páistí bunscoile i scoileanna lán-Bhéarla, ba chóir go mbeadh scéim páirt-tumoideachas curtha ar bun i ngach bunscoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla de réir a chéile (i. ábhair eile a mhúineadh trí mheán na Gaeilge ar nós ealaíne, corpoideachas, dráma, srl..).

---

<sup>1</sup> Féach: Mc Kendry agus Uí Eigearthaigh, *Immersion Education: A Short Introduction for Teachers*, Immersion Education, 2006 Accessible at:

<http://www.comhairle.org/english/PDFs/publications/Immersion%20Education-%20A%20Guide%20for%20Teachers.pdf> (10.11.2015)

Cuirfidh scéim mar seo go mór le dátheangachas na bpáistí atá ag freastal ar na scoileanna seo, cuideoidh sé seo leis an tríú teanga a fhoghlaim; le réasúnaíocht cognaíoch, agus le scileanna eile

Tá an scéim seo luaite i dtuarascáil bhliantúil an Roinn Oideachais agus Scileanna 2012-2013 agus sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, ach go dtí seo níl aon eolas eile ar fáil faoin amscála leis an scéim seo a chur i bhfeidhm. Ba chóir go mbeadh an scéim seo mar chuid lárnach den Straitéis seo mar gheall Réimse leathan deiseanna breisoideachas a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge.

Ba chóir iniúchadh a dhéanamh chomh maith ar na riachtanais sa Ghaeltacht agus lasmuigh di agus ansin na cúrsaí a chur ar fáil

### **Foghlaim ar feadh an tsaoil**

Tá an sprioc seo luaite mar chuid de Téama 1 sa Straitéis (Scileanna Ábhartha a Fhorbairt). Léirigh taighde a rinne Millward Brown i gcomhar le Conradh na Gaeilge ag tús 2015 gur mhaith le 44% de dhaoine ó dheas tuilleadh Gaeilge a fhoghlaim,<sup>2</sup> agus tá fás ag forbairt súntasach déanta ar líon na ranganna Gaeilge do dhaoine feasta. Léiríonn na rudaí seo go bhfuil an-poitéinseal bainte leis an réimse oibre seo tríd an Ghaeilge. Más rud go spreagtar daoine le tuilleadh Gaeilge a fhoghlaim, ní amháin go mbeadh siad ábalta cuir lena gcuid scileanna agus obair a aimsiú leis seo, ach bheadh níos mó seans ann go rachadh siad ar aghaidh le tuilleadh foghlaim a dhéanamh ar réimse oibre difriúla mar gheall go mbeadh siad cleachtaithe le foghlaim ar feadh an tsaoil agus ar an eolas faoi na buntáistí a bhaineann leis seo.

### **Soláthar Scileanna a Ghníomhachtú**

Tá sé luaite mar Théama 2 sa Straitéis ‘Soláthar Scileanna a Ghníomhachtú’ gur chóir go mbeadh daoine spreagtha lena a gcuid scileanna a ofráil chuig an fhórsa oibre. Arís, is iomaí féidearthacht atá bainte leis an aidhm seo agus leis an Ghaeilge, idir an earnáil poiblí agus san earnáil príobháideach. In eagraíochta stáit a bhfuil dualgas orthu seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge, ba chóir go ndéanfar iniúchadh ar na scileanna Gaeilge atá baill foirne faoi láthair le bearnaí i soláthar seirbhís a líonadh a oiread agus is féidir. Ar a bharr seo, ba chóir go mbeadh sé riachtanach go mbeadh Gaeilge riachtanach i 30% de na poist san earnáil phoiblí ar feadh 10 mbliain. Ní amháin go mbeadh seirbhísí níos gaiste agus níos éifeachtaí dá mbeadh tuilleadh ball foirne ábalta a gcuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge, ach bheadh an córas seo i bhfad níos saoire ar Rannóga Rialtais fosta mar gheall nach mbeadh orthu aistritheoirí seachtracha a thabhairt isteach le hobair na Roinne a dhéanamh, agus bheadh sé i bhfad níos fusa seirbhísí a chur ar fáil don phobal trí Ghaeilge fosta.

---

<sup>2</sup> Conradh na Gaeilge, *Céard é an Scéal? Dearcthaí an Phobail i leith na Gaeilge*, 2015, lch 11

Is iomaí buntáiste a bheadh ag baint leis seo don earnáil príobháideach fosta. Léirigh an taighde a rinne Conradh na Gaeilge i 'Céard é an Scéal' go gcreideann 42% de dhaoine ó dheas gur Gnéithe Uathúil Díolacháin í an Ghaeilge do ghnó (agus ní raibh ach 28% de dhaoine ag easaontú leis seo) agus creideann 55% de dhaoine ó dheas gur féidir leis an Ghaeilge cur go dearfach le forbairt eacnamaíochta na hoileáin seo (le mionlach 22% ag easaontú). Léiríonn sé seo gur chóir go mbeadh

Léirigh taighde a rinne Glór na nGael i gcomhar le Amárach Research i 2015 go bhfuil fonn ar dhaoine earraí Gaelacha a cheanach. Dúirt 68% de dhaoine ó dheas go bhfuil an-seans ann go gceannóidh siad earraí Gaeilge sa todhchaí, agus ní raibh ach 12% a dúirt nach ndéanfadh siad seo. Tá an figiúr seo níos airde arís sna Gaeltachta, nuair a dúirt 90% de dhaoine go bhfuil an-seans ann go gceannóidh siad earraí Gaeilge sa todhchaí. Léiríonn sé seo go bhfuil margadh iontach ann le hearraí Gaeilge a dhíol, agus do ghnó a dhéanamh trí Ghaeilge i gcoitinne. Ba chóir go mbeadh tacaíocht ar fáil do dhaoine é seo a dhéanamh tríd a gcuid scileanna Gaeilge a neartú, nó deis do Ghaeilgeoirí a gcuid scileanna eile a neartú le tabhairt faoin obair seo.

### **Straitéis um Rannpháirtíocht Fiontair**

Beidh chóir go mbeadh an Ghaeilge aitheanta mar théama sa Straitéis seo le tógáil ar na féidearthachtaí a bhaineann le forbairt eacnamaíochta trí mheán na Gaeilge. Ba chóir go mbeadh é seo a dhéanamh sa chóras oideachais agus oiliúna lena n-airítear scoileanna, soláthraithe breisoideachais agus oiliúna agus institiúidí ardoideachais.

### **Conclúid**

Tríd na moltaí seo thuas, is féidir úsáid ceart a bhaint as na scileanna atá ag pobal na Gaeilge, agus aitheantas a thabhairt don ról lárnach atá ag an teanga i ngeilleagar na tíre seo. Mura mbainfear leas as an deis seo leis seo a dhéanamh sa Straitéis seo, cailfear seans leis an oiread leas agus is féidir a bhaint as na scileanna agus as an poitéinsiúil atá ag daoine cheánna féin.